

Aguisín B

Cuireann an t-aguisín seo smaointe samplacha ar fáil a d'fhéadfadh scoileanna a oiriúnú chun freagairt do riachtanais tinrimh. Bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais, uaireanta d'fhéadfadh scoileanna díriú ar thinreamh na scoile uile a fheabhsú (mar a léirítear thíos) nó díriú ar chohóirt/ranganna scoláirí ar leith a shainaithnítear trí shonraí a bailíodh, a anailísíodh agus a ailíníodh le Pleanáil Forbartha Scoile. Aithnítear go bhfuil tábhacht ag baint le moladh agus tacaíocht leanúnach a thabhairt dóibh siúd a bhfuil tinreamh sásúil acu, ach tá sé ríthábhachtach agus cur chuige tinrimh á reáchtáil go ndéantar iarracht scoláirí a bhfuil tinreamh míshásúil acu a áireamh agus a spreagadh chun feabhas a chur chun cinn le himeacht ama.

Samplaí ón mBunscoil



Tacú le Tinreamh Trí Bhéim a Leagann ar Thaithí Rathúla

Comhthéacs: Thug bunscoil faoi deara go raibh easpa muiníne ag roinnt daltaí a raibh tinreamh neamhrialta acu san fhoghlaim. Thug siad faoi deara freisin go raibh riachtanais litearthachta gan chomhlíonadh ag roinnt tuismitheoirí agus/nó go raibh rath teoranta leo laistigh den chóras oideachais.

Gníomh: Thug múinteoirí spriocanna foghlama céim ar chéim isteach. Mhainigh cuid den bhuiséad tinrimh cairteacha dul chun cinn, teastais, agus duaiseanna simplí (e.g. leabharmharcanna, pinn luaidhe) chun aitheantas a thabhairt d'iarracht agus d'fheabhas. Chuir an múinteoir ranga teastas abhaile chuig an tuismitheoir mar mholadh ar dhul chun cinn a linbh. Lean glao gutháin abhaile air seo chun moladh a thabhairt do na tuismitheoirí as a gcuid iarrachtaí. Le himeacht ama, spreagadh tuismitheoirí chun freastal ar cheiliúradh ar ghnóthachtálacha a linbh, rud a chothaigh caidreamh dearfach leis an scoil.

Toradh: Bhí rath rialta le feiceáil i measc na ndaltaí, d'feabhsaigh an muinín, agus bhí an tinreamh níos comhsheasmhaí. Bhí seans níos mó ann go ndéanfadh tuismitheoirí teagmháil leis an múinteoir ranga nó leis an bpríomhoide le haghaidh tacaíochta nó chun míniú a thabhairt maidir le cúiseanna neamhláithreachta.



Feasacht a Mhúscailt ar Éagsúlacht Chultúrtha chun Tacú le Tinreamh

Comhthéacs: Bhí freastal scoile neamhsheasmhach ag grúpa buachaillí den Lucht Siúil i Rang a 4 agus a 5.

Gníomh: Clúdaíodh coincheap an chultúir i ranganna OSPS, agus iarradh ar gach dalta (meascán de chultúir sa ghrúpa ranga) gnéithe dá gcultúr a chur in iúl i dtéacs nó trí dhán nó amhrán a chumadh nó trí mheán na healaíne. Priorítáladh agus taifeadadh na hionchuir seo agus rinneadh leabhar/colláis díobh ag baint úsáid as cuid den mhaoiniú tinrimh scoile. D'fhéadfaí é seo a úsáid freisin mar thaispeántas nó mar imeacht ceiliúrtha a bhféadfadh tuismitheoirí freastal air.

Toradh: Mhothaigh na daltaí uile go n-áiríodh iad agus gur tacaíodh leo chun páirt a ghlacadh sa tionscadal. Mhéadaigh an rannpháirtíocht, agus d'feabhsaigh an tinreamh le linn an tionscadail i measc an spriocghrúpa.



Feabhsú Tinrimh a Chur Chun Cinn Trí Spreagadh Scoile Uile

Comhthéacs: D'aithin an scoil go raibh gá le tinreamh rialta agus poncúil a chur chun cinn tuilleadh trí chur chuige dearfach, sa scoil uile. Aithníodh go gcuideodh rannpháirtíocht daltaí, teaghlaigh agus an phobail i gcoitinne le freagracht chomhroinnte a chothú i leith tinrimh agus ar mhaithe le spreagadh daltaí a mhéadú.

Gníomh: Cuireadh feachtas ceithre seachtaine chun tinreamh a chur chun cinn i bhfeidhm mar chuid de chur chuige na scoile chun rátaí tinrimh a fheabhsú. Chun an cur chuige a sheoladh, dhear na daltaí, le tacaíocht óna dteaghlaigh, póstaeir chun tábhacht an tinrimh a chur chun cinn. Bronnadh dearbháin ar na trí phóstaeir ab fhearr. Taispeánadh na póstaeir seo ar fud na scoile agus roinneadh iad ar ardáin na meán sóisialta. Ag an am céanna, chuaigh an scoil i mbun oibre le gnólachtaí áitiúla chun spotduaiseanna a bhronnadh le haghaidh crannchuir tinrimh. Fuarthas réimse leathan duaiseanna, lena n-áirítear trealamh spóirt,

dearbháin agus bréagáin oideachasúla. Bronnadh duaiseanna freisin chun aitheantas a thabhairt d'fheabhsú a bhí le sonrú i measc daltaí agus teaghlach.

Le linn na tréimhse ceithre seachtaine, d'eisigh múinteoirí ranga ticéid chrannchuir gach maidin do dhaltaí a bhí i láthair agus in am. Thairfead na daltaí a n-ainmneacha ar na ticéid, a coinníodh i mbosca bailiúcháin ranga ar feadh na hiarrachta. Tugadh spreagthaí seachtainiúla isteach freisin, agus fuair an rang a raibh an tinreamh is airde aige “Bricfeasta Ollmhór.” Bhí na duaiseanna go léir ar taispeáint go feiceálach laistigh den scoil chun spreagadh agus infheictheacht a chaomhnú.

Cuireadh tacaíochtaí spriocdhírthe san áireamh chun a chinntiú go gcuimsíodh daltaí a raibh leibhéil níos airde neamhláithreachta acu. Fuair na daltaí seo ticéid chrannchuir as tinreamh laethúil, agus bronnadh ticéid bhónais bhreise orthu nuair a baineadh amach spriocanna feabhsúcháin comhaontaithe.

Toradh: Chothaigh an cur chuige seo díograis agus rannpháirtíocht láidir i measc phobal na scoile. Feabhsaíodh tinreamh agus poncúlacht, agus léirigh daltaí méadú ar an spreagadh chun freastal ar scoil go rialta agus in am. Chinntigh an ghné spriocdhírthe go raibh tacaíocht chóir agus chuimsitheach á fáil ag daltaí a raibh neamhláithreacht ard ar bhonn stairiúil acu, agus neartaigh rannpháirtíocht teaghlach agus gnólachtaí áitiúla naisc phobail agus threisigh sí iompraíochtaí tinrimh dearfacha.



Tinreamh a Spreagadh trí Mhonatóireacht, Aitheantas agus Dreasachtaí

Comhthéacs: D'fhéach an scoil le tinreamh comhsheasmhach a chur chun cinn agus spreagadh spriocdhírthe a sholáthar do dhaltaí a raibh leibhéil tinrimh níos ísle nó a bhí ag dul i bhfeabhas acu. Aithníodh go bhféadfadh rianú amhairc, aiseolas rialta, agus aitheantas poiblí tacú le hinspreagadh i measc na ndaltaí agus mothú láidir úinéireachta agus freagrachta a chothú a bhaineann le tinreamh.

Gníomh: Tugadh isteach an cur chuige Pas Tinrimh, inar bhfuair gach dalta pas a stampáladh go laethúil ag an múinteoir ranga chun tinreamh a thairfeadh. Rinneadh an córas a oiriúnú chun tacú le daltaí a raibh leibhéil tinrimh níos ísle acu trí stampaí a bhronnadh as tinreamh laethúil agus stampaí bónais as spriocanna comhaontaithe a bhaint amach, amhail laethanta tinrimh i ndiaidh

a chéile. Tacaíodh le tuismitheoirí na ndaltaí spriocdhírthe chun páirt a ghlacadh sa chur chuige tríd an gComhordaitheoir TBSP. Cuireadh daltaí a chomhlíon a spriocanna tinrimh aonair isteach i gcrannchuir scoile, a eagraíodh ar leibhéal na scoile uile nó an ranga/na bliana.

Ina theannta sin, cuireadh córas struchtúrtha monatóireachta agus aitheantais míosúil i bhfeidhm. Choinnigh gach rang bileog tinrimh, ag taifeadadh tinreamh laethúil i rith na míosa. Ag deireadh gach míosa, bronnadh teastais tinrimh ar dhaltaí a raibh tinreamh foirfe acu agus ar dhaltaí a léirigh feabhas ag tionól scoile uile a raibh an príomhoide, múinteoirí ranga, comhdhaltaí agus Comhordaitheoir TBSP i láthair. Le toiliú na dtuismitheoirí, taispeánadh grianghraif d'fhaighteoirí teastais ar chlár fógraí tinrimh na scoile agus roinneadh iad ar ardáin meán sóisialta na scoile.

Toradh: Mhéadaigh an cur chuige comhcheangailte rannpháirtíocht na ndaltaí i rianú láithreachta agus spreag sé mothú láidir úinéireachta agus bróid as láithreacht rialta. D'fhreagair na daltaí go dearfach do na gnéithe amhairc agus na luachanna saothair a bhain leis an gcur chuige, agus chinntigh tacaíochtaí spriocdhírthe cuimsitheacht dóibh siúd a raibh tinreamh níos ísle acu ar bhonn stairiúil. Neartaigh ceiliúradh rialta ar ghnóthachtálacha tinrimh an spreagadh, dhaingnigh sé iompar dearfach, agus chuir sé le patrúin tinrimh fheabhsaithe ar fud na scoile.

Samplaí ón Iar-bhunscoil



Comhpháirtíocht le Tuismitheoirí/Caomhnóirí chun Tinreamh a Fheabhsú

Comhthéacs: Bhí tinreamh neamhsheasmhach ag grúpa scoláirí sa chúigiú bliain sa tSraith Shinsearach agus bhí siad ag éirí scoite amach ón scoil. Chuir na scoláirí in iúl nár cheap siad go raibh an córas scolaíochta ag freagairt dá riachtanais. I ngrúpa fócais agus i gcomhráite aonair leis na scoláirí, aithníodh go raibh suim acu leanúint leis an tSraith Shinsearach agus an Ardteistiméireacht a dhéanamh ach gur mhian leo conairí malartacha laistigh den chóras oideachais a iniúchadh.

Gníomh: Bhain Foireann Tinrimh na scoile úsáid as buiséad beag chun bileoga eolais a mhaoiniú do scoláirí agus do thuismitheoirí faoi chosáin oideachais mhalartacha agus deiseanna lasmuigh de chóras na bpointí. Chomh maith leis an tseirbhís treorach scoile, reáchtáil siad ceardlanna gearra le fostóirí áitiúla agus le seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna ag aibhsiú agus ag iniúchadh conairí oideachais agus deiseanna oiliúna malartacha.

Toradh: Neartaíodh rannpháirtíocht an teaghlaigh de réir mar a comhaontaíodh spriocanna comhroinnte le scoláirí agus a dtuismitheoirí. D'fheabhsaigh tinreamh na scoláirí agus i gcás inar taifeadadh neamhláithreachtaí bhí na tuismitheoirí níos toilteanaí chun páirt a ghlacadh agus an neamhláithreacht a mhíniú.



Aghaidh a thabhairt ar Threochtaí Tinrimh i measc Cohóirt Níos Mó

Comhthéacs: Léirigh sonraí tinrimh ó iar-bhunscoil ar leith céatadán níos airde de scoláirí sa dara bliain a tháinig go déanach ar maidin agus a chaill an chéad rang.

Tugadh faoi deara freisin go raibh roinnt scoláirí ar fud na mbliainghrúpaí go léir níos dóchúla a bheith as láthair Dé Luain agus/nó Dé hAoine. Eagraíodh grúpa fócais de scoláirí le fáil amach cad a d'fhéadfaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt air.

Gníomh: Rinneadh gníomhaíochtaí ar nós spóirt foirne agus amhránaíocht ghrúpa a thairiscint, ó 8:30am go 9am ar an Luan agus ar an Aoine chun scoláirí a spreagadh chun freastal ar scoil níos luaithe ar maidin. Bhí súil ann go spreagfadh an dinimic foirne/grúpa na scoláirí chun leanúint ar aghaidh ag freastal ar an scoil.

Toradh: Bhí méadú ar an tinreamh ar na maidineacha/laethanta spriocdhírthe agus go ginearálta bhí nasc níos fearr idir an bhliainghrúpa agus na múinteoirí. Tá bealaí chun leanúint leis an gcur chuige seo amach anseo á bhfiosrú ag an scoil.



Tinreamh a Neartú Trí Thacaíocht Dhírigh do Scoláirí

Comhthéacs: D'aithin an scoil grúpa scoláirí a raibh a dtinreamh faoi bhun na n-ionchais i gcónaí ach nach raibh ag leibhéal criticiúil. Aithníodh go bhféadfadh idirghabháil luath, thacúil cabhrú leis na scoláirí seo agus lena dteaghlaigh patrúin tinrimh a fheabhsú sula rachadh deacrachtaí in olcas. Chun an obair seo a chomhordú, bunaíodh Coiste Tinrimh, comhdhéanta de dheichniúr ball foirne a bhfuil rólanna éagsúla acu ar fud na scoile.

Gníomh: Bhuail an coiste tinrimh le chéile go rialta chun cur chuige a phleanáil, cleachtas reatha a athbhreithniú, agus réimsí feabhsúcháin a aithint. Tugadh isteach clár spriocdhírithí d'ocht ndalta dhéag a aithníodh go raibh leibhéal meánach acu i dtéarmaí drochfhreastal ar scoil. Rinneadh teagmháil le tuismitheoirí agus cuireadh in iúl dóibh go mbeadh an scoil ag obair go dlúth lena leanbh chun tacaíocht a chur ar fáil. Sannadh beirt scoláire do gach ball den choiste. I measc na gcrúinnithe tosaigh idir scoláirí agus múinteoirí, rinneadh athbhreithniú le chéile ar shonraí tinrimh VSWare, ag baint úsáid as bileog oibre agus suirbhé chun an plé a threorú. Chuidigh an próiseas seo le scoláirí a bpatrúin tinrimh a thuiscint agus machnamh a dhéanamh ar athruithe a d'fhéadfaidís a dhéanamh. Rinneadh monatóireacht ar an tinreamh thar thréimhse trí seachtaine, agus rinneadh seiceálacha gearra i rith an ama. Ag deireadh na hidirghabhála, comhlánaíodh bileog oibre leantach le gach scoláire agus rinneadh teagmháil leis na tuismitheoirí chun aiseolas a thabhairt. Dearadh an clár le bheith inbhainistithe, ag cinntiú go raibh an t-ualach oibre breise don fhoireann réasúnta agus inbhuanaithe.

Toradh: D'fhorbair scoláirí feasacht níos fearr ar a dtinreamh agus ghlac siad úinéireacht níos mó ar fheabhas a chur air. Chuidigh an cur chuige struchtúrtha, tacúil le cumarsáid idir an scoil agus an baile a neartú, agus chinntigh an dearadh inbhainistithe go bhféadfaí é a choinneáil i dtreis le himeacht ama. Bhí an coiste tinrimh in ann cleachtais éifeachtacha agus réimsí le haghaidh tuilleadh forbartha a aithint go soiléir, rud a thacaigh le feabhas leanúnach ar an tinreamh ar fud na scoile.



Caidrimh a Chothú chun Tacú le Tinreamh

Comhthéacs: Léirigh grúpa scoláirí sa chéad bhliain go raibh laghdú ag teacht ar an tinreamh ina measc agus go raibh baint ag easpa spéise leis seo.

Gníomh: Sannadh scoláire amháin do gach ball den Fhoireann Tinreamh Scoile le seiceáil isteach leo go rialta. Tionóladh cruinniú leis an scoláirí agus leis an tuismitheoir/na tuismitheoirí chun an cur chuige a mhíniú agus na hábhair imní maidir le tinreamh a leagan amach.

Tacaíodh le fótachóipeáil na cáipéise *Iompraíocht ina Léiritéar Tinreamh Drogallach Seachaint Scoile a Bhainistiú* le buiséad measartha: *Treoir Dea-Chleachtais* (ar fáil do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna)² a ndearnadh obair air le gach scoláire le linn seiceálacha struchtúrtha. Cuireadh sólaistí ar fáil chomh maith.

Toradh: Bhí na scoláirí agus na tuismitheoirí níos feasaí ar mhéid na faidhbe. Mhothaigh siad go raibh tacaíocht acu agus go raibh luach acu, gur athghabh siad páirt níos mó san fhoghlaim, agus d'fheabhsaigh an tinreamh go pointe áirithe i ngach cás agus go pointe suntasach i gcásanna áirithe. Cruthaíodh caidreamh dearfach idir na scoláirí a sainaitníodh le haghaidh tacaíochta agus an múinteoir a sannadh dóibh.



Feachtas Míosúil Scoile Uile don Tinreamh agus Duaiseanna ag gabháil leis [ar féidir é a chur in oiriúint do chomhthéacsanna bunscoile nó iar-bhunscoile]

Comhthéacs: D'aithin scoil gá le feabhas a chur ar a sonraí tinrimh scoile uile agus ar dhearcaí i leith tinrimh ar fud phobal na scoile. Bhunaigh an scoil Coiste Tinrimh agus rinne sí anailís ar shonraí tinrimh i gcomhréir leis an *bhFeachtas Náisiúnta um Fhreastal Scoile na Roinne Oideachais agus Óige (ROÓ)* agus *Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT)*, agus treoir agus acmhainní ar fáil [ANSEO](#). A bhuí le hanailís sonraí, bhí an Bhainistíocht Shinsearach, mar aon leis

² *Iompraíocht ina Léiritéar Tinreamh Drogallach agus Seachaint Scoile a Bhainistiú: Treoir Dea-Chleachtais* don Bhunscoil agus Iar-bhunscoil ar fáil [ANSEO](#).

an gCoiste Tinrimh, in ann réimsí feabhsúcháin a aithint agus cuireadh iad seo san áireamh sa Plean um Fheabhsú Scoile (Plean Gníomhaíochta DEIS).

Aidhmeanna a sainaitníodh don phlean 3 bliana:

- Líon na scoláirí a bhfuil tinreamh den scoth acu (1-3 lá cailte) a mhéadú.
- Líon na bpáistí atá as láthair ar feadh 10+ lá in aghaidh na bliana a laghdú.
- Feasacht a mhéadú ar an nasc idir tinreamh agus gnóthachtáil.
- Feasacht a mhéadú ar na saincheisteanna a bhaineann le drochthinreamh.
- Dearcaí dearfacha i leith na foghlama a chur chun cinn agus a chothú.
- A chinntiú go ndéileálfar le hábhair inní maidir le tinreamh ar bhealach tacúil.
- Cloí le nósanna imeachta tuairiscithe tinrimh le haghaidh STOT.

Bearta: Tionóladh cruinnithe rialta den choiste tinrimh chun teagmháil le scoláirí/tuismitheoirí a phleanáil, gníomhartha a chomhaontú, acmhainní a leithdháileadh le haghaidh luaíochtaí, clinicí tinrimh inmheánacha a phleanáil agus sonraí a bhailiú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a anailísiú. Bhí na gníomhartha dírithe ar an scoil uile.

Ar leibhéal na scoile uile (leibhéal 1), fuair buaiteoirí láithreach iomlán agus na daoine a raibh an feabhas is mó orthu i ngach rang duais/teastas beag gach mí chun deá-thinreamh a chur chun cinn. Bronnadh duaiseanna níos mó ag deireadh gach téarma do scoláirí a raibh tinreamh (beagnach) iomlán acu.

I gcás scoláirí a sainaitníodh le haghaidh idirghabhála spriocdhírthe (leibhéal 2) - rinneadh obair leantach le tuismitheoirí scoláirí a raibh neamhláithreachtaí gan mhíniú acu, chun cúiseanna na neamhláithreachta a sheiceáil agus chun cumarsáid níos fearr a spreagadh trí ríomhphost agus teileafón le hoifig na scoile.

Aithníodh 15 scoláire mar dhaoine a raibh ardleibhéal idirghabhála ag teastáil uathu (leibhéal 3). Chun tacú leis na daltaí seo, cruthaíodh pleananna tinrimh aonair, rinneadh monatóireacht orthu agus rinneadh iad a nuashonrú dá réir.

Reáchtáladh clinicí tinrimh scoile inmheánacha do 6 theaghlach, cruinnithe foirmiúla sa scoil a bhí iontu seo le bainistíocht shinsearach, na tuismitheoirí, an páiste, agus ball d'fhoireann tacaíochta na scoile (de réir mar a bhí fáil orthu). D'aontaigh gach aon duine leis na spriocanna gearrthéarmacha, agus

sceidealáíodh cruinniú leantach. Ba bhearta coisctheacha iad na cruinnithe seo ar mhaithe le leanaí atá i mbaol atreoraithe chuig na Seirbhísí Leasa Oideachais.

Torthaí

- Tháinig feabhas 4.1% ar leibhéal tinrimh i mbliain 1
- Tháinig feabhas 3.6% ar scoláirí a raibh tinreamh 95-100% acu i mbliain 1
- Tháinig feabhas 3% ar scoláirí a raibh tinreamh 0-90% acu i mbliain 1